

Fiosrúchán ar Centric Health Ltd. (“Centric”)

(Uimh. Fiosrúcháin an Choimisiúin: IN-21-2-4)

Dáta an Chinnidh: 23 Feabhra 2023

Thosaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (an Coimisiún) an fiosrúchán tar éis ionsaí bogearraí éirice a rinne difear do na sonraí othar a shealbhaítear ar an gcóras riaracháin othar atá i bhfeidhm ag Centric, ar ionsaí é a cuireadh in iúl don Choimisiún an 5 Nollaig 2019. Mar thoradh ar an ionsaí, rinneadh difear do 70,000 ábhar sonraí toisc gur cailleadh rochtain ar a sonraí pearsanta agus a sonraí catagóire speisialta, toisc go ndearnadh athrú neamhúdaraíthe ar na sonraí sin agus toisc gur cailleadh infhaighteacht na sonraí sin. Díobh sin, rinneadh difear buan do 2,500 othar toisc gur scriosadh a sonraí gan aon chóip chúlta a bheith ar fáil.

Breithníodh cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon Centric Airteagail 5(1)(f), 5(2) agus 32(1) GDPR agus, go háirithe, cé acu a chuir nó nár chuir Centric bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun leibhéal riosca a chinntiú a bheadh iomchuí do na rioscaí a bhaineann lena oibríochtaí próiseála.

Cinneadh gur sháraigh Centric na hoibleagáidí atá air faoi Airteagail 5(1), 5(2) agus 32(1) GDPR agus gur theip ar an bpróiseáil a rinne Centric laistigh dá Chóras Riaracháin Othar a chinntiú go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta ar chaoi go gcinntítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme.

Na cumhachtaí ceartaitheacha a feidhmíodh

- Leis an gcinneadh, eisíodh iomardú chuig Centric i leith na sárúithe.
- Leis an gcinneadh, forchuireadh fíneáil riaracháin €275,000 ar Centric i leith an tsáraithe ar Airteagal 5(1)(f) GDPR.
- Leis an gcinneadh, forchuireadh fíneáil riaracháin €50,000 ar Centric i leith an tsáraithe ar Airteagal 5(2) GDPR.
- Leis an gcinneadh, forchuireadh fíneáil riaracháin €135,000 ar Centric i leith an tsáraithe ar Airteagal 32(1) GDPR.